**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
# TUAIRISC

## Coláiste Chilliain
## Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

## Uimhir rolla: 70100W

**Dáta na cigireachta: 22 Bealtaine 2012**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# TUAIRISC
# AR
# CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

---

## EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

| **Dátaí na cigireachta** | 11 agus 22 Bealtaine 2012 |
|---|---|
| **Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu**<br>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha<br>• Cruinniú le comhordaitheoir an ábhair agus leis an bpríomhoide<br>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith sé thréimhse ranga | • Idirghníomhaíocht leis na scoláirí<br>• Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile<br>• Aiseolas do mhúinteoirí aonair<br>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí |

## PRÍOMHCHINNTÍ

- I dtromlach na ranganna bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith agus is cuibheasach a bhí a gcáilíocht sna ranganna eile.
- Léirigh sampla de dhialanna na scoláirí nach cleachtas rialta é obair bhaile a thabhairt agus roinnt bheag samplaí de cheartúcháin chuiditheacha a bhí le léamh ar an obair.
- I dtromlach na gcásanna, leagadh béim chuí ar shamhlaíocht na scoláirí a fhorbairt agus meáin a thaithíonn siad a úsáid.
- Bhí freagracht iomlán roinnt ranganna ar bheirt scoláire Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (*PDE)* a bhí ar chleachtadh múinteoireachta sa scoil.
- Is faoin ardleibhéal a thugann ionann agus gach scoláire sna scrúduithe teistiméireachta.
- Leagann an roinn scéimeanna oibre agus scrúduithe comónta amach agus déantar measúnú ar na mórscileanna teanga.

## PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar dea-chleachtais bunaithe ar dhifreáil, ar cheisteanna a thacaíonn le forbairt chognaíocht na scoláirí ag leibhéal ardoird agus prionsabail an mheasúnaithe chun foghlama a fhorbairt agus a leathnú.
- Chun tacú le forbairt chéimniúil na foghlama, moltar na feidhmeanna teanga atá sna siollabais a úsáid agus dul i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* chun creat a leagadh amach de na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim.
- Mar a moladh in 2009, moltar go mbeadh modheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc agus foghlama ar chlár na gcruinnithe agus gearrchuntas ar a mbeadh pléite nótáilte sna miontuairiscí.

---

## RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil chomhoideachais lán-Ghaeilge is ea Coláiste Chilliain. Feidhmíonn an scoil faoi choimirce Choiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath agus tá 400 scoláire ar an rolla. Tá an Idirbhliain éigeantach sa scoil. Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile (MSU) sa scoil in 2009.

### TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith i dtromlach na ranganna agus is cuibheasach a bhí a gcáilíocht sna ranganna eile.
- Sna ranganna ab éifeachtaí, cruthaíodh naisc leis an réamhfhoghlaim, roinneadh spriocanna foghlama soiléire agus dúshlánacha leis na scoláirí, chruthaigh tascanna dea-eagraithe deiseanna do dhifreáil agus do chomhoibriú san fhoghlaim agus luas oibre oiriúnach.
- Sna cásanna nach raibh an cháilíocht ach cuibheasach, bhí gá le struchtúr níos fearr agus pleanáil agus ullmhúchán cuí a bheith déanta do dhifreáil na foghlama chun freastal ar éagsúlacht sna leibhéil chumais agus na stíleanna foghlama agus chun tréimhse iomlán an ranga a úsáid go fiúntach chun leasa forbartha na foghlama.
- I dtromlach na gcásanna, rinneadh iarrachtaí fónta ar shamhlaíocht na scoláirí a spreagadh agus a fhorbairt agus an t-ábhar a chur ina láthair trí mheáin a thaithigh siad.
- Úsáideadh ceistiúchán chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na foghlama le linn na ranganna agus bhí a úsáid an-mhaith i gcásanna áirithe. Chun barrfeabhais a chur ar straitéis seo moltar díriú ar cheisteanna a thacóidh le forbairt scileanna ardoird smaointeoireachta na scoláirí agus am a thabhairt dóibh chun freagraí a thabhairt.
- Bhí iompraíocht na scoláirí an-mhaith agus in ionann agus gach cás ba léir gaol an-mhaith bunaithe ar chomh-mheas a bheith idir na múinteoirí agus na scoláirí.
- I roinnt cásanna chuir scoláirí ceisteanna ar ábhar an ranga agus moltar é seo a chothú agus a leathnú.
- Cé gur tugadh obair bhaile sna ranganna a breathnaíodh, léirigh athbhreithniú ar shampla de dhialanna na scoláirí nárbh nós rialta é.
- Roinnt bheag samplaí de cheartúcháin a bhí cuiditheach a bhí le léamh ar obair na scoláirí.
- Cé gur bhain cáilíocht mhaith leis na polasaithe obair bhaile agus measúnaithe, moltar cleachtais bunaithe ar phrionsabail an mheasúnaithe chun foghlama a chur san áireamh sa chéad athbhreithniú eile ar an bpolasaí obair bhaile chun dea-chleachtais a leathnú. Rinneadh an moladh seo cheana sa tuairisc MSU in 2009.
- Maidir le mionlach na gcásanna, moltar cúram a dhéanamh de chruinneas teanga an ábhair a chuirtear i láthair na scoláirí.
- Tugann ionann agus gach scoláire faoin ardleibhéal agus tá sé de dhea-chleachtas anailís a dhéanamh ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta. Tá leibhéil gnóthachtála na scoláirí sa Teastas Sóisearach, mar a mbaineann an tromlach na gráid is airde amach, an-mhaith. I gcás na hArdteistiméireachta, tá scóip ann cur leis an líon a bhaineann na gráid is airde amach.

## SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar an-mhaith ama, áiseanna agus acmhainní ar fáil don Ghaeilge.
- Reáchtáltar imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim éagsúla chun feasacht chultúir agus taithí na scoláirí ar úsáid na Gaeilge lasmuigh de ranganna foirmeálta a fhorbairt agus baintear leas éifeachtach as timpeallacht na scoile chun tacú lena bhfoghlaim.
- Bhí freagracht iomlán roinnt ranganna ar bheirt scoláire Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (*PDE)* a bhí ar chleachtadh múinteoireachta sa scoil. Moltar go láidir don bhainistíocht socrú den chineál seo a sheachaint.

## PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Ag teacht le dea-chleachtas, déanann na múinteoirí uainíocht ar a chéile i ról an chomhordaitheora don ábhar. Moltar go nglacfadh siad an ról seo ar feadh tréimhse trí bliana.
- Moltar go gcomhaontódh an roinn plean gnímh le spriocanna forbartha soiléire do gach tréimhse agus go n-úsáidfí an plean gnímh chun an próiseas féinmheasúnaithe a stiúradh.
- Coimeádtar miontuairiscí ar chruinnithe roinne. Mar a moladh in 2009, moltar go mbeadh modheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc agus foghlama ar chlár na gcruinnithe agus a mbeadh pléite agus, nó, aontaithe nótáilte sna miontuairiscí.
- Tá sé de dhea-chleachtas ag an roinn scéimeanna oibre comónta a leagadh amach do na bliainghrúpaí difriúla agus scrúduithe comónta a úsáid. Baineann cáilíocht mhaith leis na scéimeanna seo.
- San fhorbairt bhreise ar na scéimeanna, an Idirbhliain san áireamh, agus mar a moladh in 2009, moltar na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla san fhoghlaim, agus in aghaidh an téarma, a shainiú agus go léireodh siad forbairt na foghlama bliain ar bhliain.
- Chun tacú le forbairt na foghlama ón mbunscoil, moltar dul i gcomhairle le *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge* agus ranna ábhar eile sa scoil, chun modúl ar leith foghlama a fhorbairt do na scoláirí chéadbhliana sa chéad téarma. Ba cheart na torthaí a úsáid mar bhunchloch don phleanáil dá bhfoghlaim don chuid eile den scoilbhliain. Moltar cur chuige bunaithe ar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT/*CLIL*) a úsáid anseo agus san Idirbhliain. Moladh sa tuairisc MSU 2009 go bpléifeadh na múinteoirí Gaeilge cur chuige FCÁT.
- Tá céimeanna cuí glactha ag an mbainistíocht chun an fhoireann a ullmhú chun riachtanais na straitéise náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm.
- Is doiciméid oibre iad na pleananna. Mar chuid den obair phleanála agus chun tacú leis an bhféinmheastóireacht, ní mór cleachtais mhonatóireachta agus athbhreithnithe a fhorbairt. Áirítear úsáid ghnóthachtálacha na scoláirí i scrúduithe tí agus teistiméireachta anseo.
- Bhí an phleanáil agus ullmhúchán do thromlach na ranganna an-mhaith.

- Cuirtear na mórscileanna teanga san áireamh sa phróiseas measúnaithe agus coimeádann na múinteoirí cuntais rialta ar ghnóthachtálacha na scoláirí.
- Tá córas an-mhaith sa scoil chun cuntas a choimeád ar thinreamh agus taifid eile ach ní mór an nós de thaifid bheo a dhéanamh a bheith mar ghnáth-chleachtas ag baill uile na roinne.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

*Foilsithe Samhain 2012*